# 1 Olltoradh airgeadais an Státchiste le haghaidh 2024


**1.1** Íoctar ioncam uile an Stáit isteach i Lárchiste an Státchiste mura gcinntear a mhalairt leis an dlí.[1] Úsáidtear eisiúintí ón Lárchiste go príomha chun caiteachas ar sheirbhísí Stáit a mhaoiniú, agus chun fiachas Stáit a sheirbhísiú.

**1.2** Léirítear sna Cuntais Airgeadais bhliantúla na fáltais isteach sa Lárchiste agus na heisiúintí uaidh, mar aon le sonraí a bhaineann le hiasacht a fhaigheann Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) thar ceann an Stáit.[2]

**1.3** In 2024, b'ionann barrachas an Státchiste agus díreach faoi bhun **€12.8 billiún** (féach Fíor 1.1). Cuirtear é sin i gcomparáid le barrachas de €1.2 billiún in 2023.

**1.4** Le hiarmhéid an rialtais ghinearálta, tugtar léargas níos iomláine ar fheidhmíocht fhioscach an Stáit. In 2024, b'ionann barrachas an rialtais ghinearálta agus thart ar **€23.2 billiún**. B'ionann sin agus trí oiread an bharrachais de €7.9 billiún in 2023.[3]

**Fíor 1.1 Fáltais agus eisiúintí an Lárchiste, agus iarmhéideanna an Státchiste agus an rialtais ghinearálta, 2008 – 2024[a]**




Foinse: Cuntais Airgeadais 2008 go 2024 (Iarmhéid an Státchiste). An Phríomh-Oifig Staidrimh: Staitisticí Airgeadais Rialtais, Aibreán 2025 (iarmhéid an rialtais ghinearálta).

Nóta: a Áirítear le fáltais agus ar eisiúintí an Lárchiste seirbhísiú an fhiachais náisiúnta ach ní áirítear iasachtaíocht arna déanamh ag GBCN thar ceann an Stáit agus aisíoc an fhiachais náisiúnta. Féach Iarscríbhinn 1B, Fíor 1B.1 le haghaidh anailís ar fháltais agus ar eisiúintí an Lárchiste ó 2019 go 2024.

1 Áirítear le hioncam an Stáit nach n-íoctar go díreach isteach sa Lárchiste, mar shampla, fáltais Árachais Shóisialaigh Pá-Choibhneasa (ÁSPC), a íoctar isteach sa Chiste Árachais Shóisialaigh.


2 Is ionann idirbhearta a taifeadadh i gCuntais Airgeadais 2024 agus thart ar 75% d'ioncam iomlán an rialtais ghinearálta agus thart ar 78% de chaiteachas iomlán an rialtais ghinearálta.

3 Le hiarmhéid an rialtais ghinearálta, tomhaistear feidhmíocht fhioscach earnáil an rialtais ghinearálta, agus is é an tagarmharc caighdeánach é a úsáidtear chun críocha comparáideacha ar fud an Aontais Eorpaigh. Ullmhaíonn an Phríomh-Oifig Staidrimh staitisticí airgeadais bliantúla agus ráithiúla an rialtais ghinearálta. Féach Iarscríbhinn 1A le haghaidh achoimre ar na staitisticí sin.

## Fáltais agus eisiúintí an Lárchiste

**1.5** B'ionann fáltais ón Lárchiste in 2024 agus **€111.2 billiún**. B'ionann cánacha agus 97% de na fáltais (féach Fíor 1.2).[1] Ba é **€98.4 billiún** méid iomlán na n-eisiúintí in 2024 ina raibh eisiúintí le haghaidh seirbhísí vótáilte (87%), seirbhísiú an fhiachais náisiúnta (3%), ranníocaíochtaí leis an Aontas Eorpach (AE) (3%), caiteachas neamhvótáilte eile (5%) agus iasachtaí a eisíodh (2%).

**Fíor 1.2 Fáltais agus eisiúintí an Lárchiste in 2024**




Foinse: Cuntais Airgeadais 2024. Eascraíonn aon difríochtaí dealraitheacha sna hiomláin as slánú.

Nótaí:

a Áirítear toradh ioncaim ón gCrannchur Náisiúnta (€238m), ioncam barrachais (€400) ón nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (GNBS), díbhinní scaireanna (€290m) agus fáltais reatha a bhailigh ranna agus oifigí Rialtais (€340m).

b Áirítear fáltais chaipitil a bhailigh ranna agus oifigí an rialtais (€70m) agus iasachtaí Gaeltachta a aisíocadh (€5,000).

c Áirítear an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus caiteachas €3.4 billiún aici in 2024.

d Áirítear íocaíochtaí €4.05 billiún leis an gCiste um Éire sa Todhchaí agus íocaíochtaí €62 milliún a gearradh ar an Lárchiste maidir le tuarastail, liúntais agus pinsin áirithe.

1 Leagtar amach in Iarscríbhinn 1B, Fíor 1B.1, anailís ar fháltais agus ar eisiúintí an Lárchiste (gan iasachtaí ó GBCN san áireamh) le haghaidh na mblianta 2019 go 2024.


## Fáltais an Státchiste

### *Fáltais chánach*


**1.6** B'ionann fáltais chánach in 2024 agus €108 billiún, an toradh cánach is airde riamh a bhailigh an Stát. Is de bharr méaduithe suntasacha ar fháltais cánach corparáide (64%), ar dhleacht mháil (12%), ar cháin ioncaim (7%) agus CBL (7%) a bhí an toradh is airde riamh (féach Fíor 1.3).

**1.7** Ba iad fáltais cánach corparáide an dara sruth ioncaim ba mhó sa Stát in 2024, rud a sháraigh fáltais cánach ioncaim don chéad bhliain riamh agus fáltais CBL don tríú bliain as a chéile. Bhí méadú ar na fáltais in 2024 de bharr fáltas €10.9 billiún mar chuid den fhoirceannadh ar chiste eascró Apple i ndiaidh críoch a chur le cás dlí fadtréimhseach[1] Bhí an foirceannadh ar chiste eascró Apple fós ar siúl in 2025.

**Fíor 1.3 Ioncam cánach agus fáltais ÁSPC, 2012 – 2024**




***Athrú bliain i ndiaidh bliana de réir an chineáil fáltais***




Foinse: Cuntais Airgeadais. Cuntais an Chiste Árachais Shóisialaigh.

Nótaí: a Íoctar fáltais ÁSPC díreach isteach sa Chiste Árachais Shóisialaigh.

b Le hioncam cánach comparáide in 2024, áirítear fáltais €10.9 billiún a thagann as rialú Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh maidir le Státchabhair an 10 Meán Fómhair.

1 *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2024,* caibidil 26 Foirceannadh ar chiste eascró Apple na hÉireann.

### *Fáltais neamhchánacha*

*Ranníocaíocht shealadach dlúthpháirtíochta*

**1.8** Le hioncam neamhchánach in 2024, áiríodh €104 milliún a fuarthas mar ‘ranníocaíocht shealadach dlúthpháirtíochta’ faoi fhorálacha an Achta Fuinnimh (Gnóthachain Amhantair san Earnáil Fuinnimh) (Ranníocaíocht Shealadach Dlúthpháirtíochta), 2023.[1] Tobhach reachtúil a cuireadh i bhfeidhm ar bhrabúis bharrachais a rinne cuideachtaí fuinnimh in 2022 agus 2023 a bhfuil gníomhaíochtaí acu maidir le heastóscadh, mianadóireacht nó scagadh peitriliam, gáis nádúrtha, guail nó monarú táirgí guail, is as an tobhach sin a tháinig an ranníocaíocht.


*Barrachas an Bhainc Ceannais*

**1.9** Tá soláthar reachtúil ann maidir le 80% ar a laghad de bhrabúis Bhanc Ceannais na hÉireann a aistriú chuig an Lárchiste. Is ar bharrachas an Bhainc Ceannais don bhliain airgeadais roimhe sin atá an méid a fhaightear bunaithe, mar a thuairiscítear i ráitis airgeadais iniúchóireachta Bhanc Cheannais na hÉireann i.e. moill bliana. Ós rud é gur thuairiscigh an Banc Ceannais cóimheá (brabús nó caillteanas nialasach) le haghaidh 2023, ní raibh aon aistriú chuig an Státchiste in 2024.

**1.10** I gcomhréir le treoirlíne ó Chomhairle Rialaithe an Bhainc Ceannais Eorpaigh (BCE), rinne an Banc Ceannais soláthar do rioscaí airgeadais lena bhfuil neamhchosaint ar rioscaí ina leith (amhail rioscaí rátaí úis).[2] Ó 2016 ar aghaidh, méadaíodh an soláthar sin go mór, agus bhí €3 bhilliún sa chúlchiste faoi dheireadh 2022 mar thoradh ar an méadú sin.

**1.11** In 2023 agus 2024, thabhaigh an Banc Ceannais caillteanais mar gheall ar neamhréir ráta úis i gcás inar tháinig méadú tapa ar an ús a d’íoc an Banc Ceannais ar a dhliteanais ach nár tháinig aon athrú ar an ús a thuill sé ar a shócmhainní. Bhí glanchaillteanas €132 milliún in 2023 agus €795 milliún in 2024 mar thoradh air sin. Cumhdaíodh na caillteanais sin leis an gcúlchiste riosca airgeadais, arbh é an toradh a bhí air ná laghduithe ar mhéid an tsoláthair. Faoi dheireadh 2024, b’ionann luach an tsoláthair agus beagnach €2.1 billiún (féach Fíor 1.4).

**Fíor 1.4 Feidhmíocht airgeadais an Bhainc Ceannais, 2016 – 2024**




Foinse: Ráitis airgeadais an Bhainc Ceannais ó 2016 go 2024. Cuntais Airgeadais 2016 go 2024.

Nóta: a An méid a aistrítear i mbliain, baineann sé sin leis an mbarrachas ón mbliain roimhe sin.

1 *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2024,* caibidil 23, Fáltais de bharr caidhp a chur ar ioncaim ó dhíolacháin leictreachais.

2. Le hAirteagal 8 de Treoirlíne ón mBanc Ceannais Eorpach 2024/2941 ceadaítear do Bhanc Ceannais Náisiúnta (BCN) soláthar a bhunú maidir le rioscaí airgeadais ina chlár comhardaithe agus chun méid agus úsáid an tsoláthair sin a chinneadh ar bhonn meastachán réasúnaithe ar neamhchosaint ar riosca BCN.


## Eisiúintí an Lárchiste

**1.12** Tháinig méadú ar eisiúintí ón Lárchiste in 2024 go €98.4 billiún — méadú €7.4 billiún nó 8% ar an mbliain roimhe sin (€91 billiún).

### *Eisiúintí vótáilte*

**1.13** Tháinig méadú os cionn €7.3 billiún (9%) ar eisiúintí le haghaidh caiteachas vótáilte go €85.7 billiún. Bhain 4 roinn rialtais le díreach os cionn 61% de na heisiúintí vótáilte — Sláinte, Coimirce Shóisialach, Oideachas, agus Breisoideachas agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht (féach Fíor 1.5).

**Fíor 1.5 Eisiúintí maidir le caiteachas vótáilte na roinne, 2023 agus 2024**




Foinse: Cuntais Airgeadais 2023 agus 2024

Nóta: a Áirítear leis sin na vótaí don Oideachas agus Óige, agus do Bhreisoideachas agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht.

### *Iasacht a thabhairt d'Uisce Éireann*

**1.14** Eisíodh méideanna arbh fhiú €184 milliún san iomlán iad ón Lárchiste in 2024 d'Uisce Éireann faoi chomhaontú iasachta a rinneadh leis an Aire Airgeadais in 2020. Cuirfear os cionn €1 bhilliún ar fáil d'Uisce Éireann faoin gcomhaontú chun fiachas tráchtála neamhthí atá ann cheana a aisíoc agus chun a riachtanais maidir le hiasachtaí uisce neamhthí a mhaoiniú amach anseo. Ba é €998 milliún an méid iomlán a tarraingíodh anuas go dtí deireadh 2024 (féach Iarscríbhinn 1B, Fíor 1B.3).


## Sócmhainní an Státchiste

### *Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim*

**1.15** Ag deireadh 2024, ba é €19.3 billiún luach an airgid thirim a bhí i seilbh an Státchiste — méadú 2% i gcomparáid le deireadh 2023.

**1.16** I dteannta le hairgead tirim, bhí sócmhainní ag an Státchiste i bhfoirm airgid tirim, agus bhí beagnach €15 bhilliún infheistithe sna billí státchiste a d'eisigh stáit Eorpacha agus gníomhaireachtaí fornáisiúnta eile (féach Fíor 1.6). I dtreo dheireadh 2022, cuireadh tús arís leis an gcleachtas i leith infheistiú i mbillí státchiste agus i bhfoirmeacha eile den iasachtú gearrthéarmach chun leas a bhaint as na rátaí úis deimhneacha a thabhairt ar ais.

**Fíor 1.6 Airgid tirim agus coibhéisí airgid thirim an Lárchiste ag deireadh na bliana, 2012 – 2024**




Foinse: Cuntais Airgeadais, 2012 go 2024

### *Scairshealbhú i gcuideachtaí Éireannacha*

**1.17** Nochtar scairshealbha i 25 cuideachta Stáit agus príobháideach sna Cuntais Airgeadais.[1,2] Déantar leas an Stáit sna cuideachtaí sin a thaifeadadh ar chostas stairiúil, agus amhail an 31 Nollaig 2024 b'ionann é agus €8.11 billiún. Áiríodh leis sin scairsheilbh nua a fuarthas i Líonraí Gáis Éireann in 2024.

**1.18** Is ionann scairshealbha ar chostas sa Chorparáid Éireannach um Réiteach Banc Teoranta (IBRC), Permanent TSB Group, Coillte CGA, Uisce Éireann, Líonraí Gáis Éireann agus Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath agus beagán os cionn 95% (de réir luacha) de na scairshealbha iomlána mar a nochtar i gCuntais Airgeadais 2024.


**1.19** Suas go dtí deireadh 2013, nochtadh sna Cuntais Airgeadais mionsonraí freisin maidir le glanluach sócmhainní (NAV) na scaireanna.[3] I bhFíor 1.17, léirítear an difríocht idir NAV agus costas stairiúil na gnáthscaire ar na hocht gcuideachta ag a bhfuil an ghluaiseacht is airde i leith glanluach sócmhainní. B'ionann NAV iomlán do na hocht gcuideachta sin amhail an 31 Nollaig 2024 agus €13.2 billiún agus b'ionann an costas stairiúil agus €7.7 billiún, difríocht de bheagnach €5.5 billiún.

1 Féach ráiteas 1.8(A) de na Cuntais Airgeadais 2024.

2 Ní ráiteas airgeadais cuimsitheach don Stát iad na Cuntais Airgeadais, agus ní liostaíonn siad a shócmhainní agus a dhliteanais go léir. Tá leas ag an Stát i níos mó eintiteas ná mar atá leagtha amach sna Cuntais Airgeadais.

3 Is ionann glanluach sócmhainní, nó NAV, agus luach shócmhainní cuideachta lúide a dliteanais.

**Fíor 1.7 Gluaiseacht i nglanluach sócmhainne an scairchaipitil chuig costas stairiúil, ag deireadh 2024**




Foinse: An Roinn Airgeadais

## *Scairshealbhú i gcuideachtaí Éireannacha*

**1.20** Nochtar scairshealbha in 12 chuideachta idirnáisiúnta sna Cuntais Airgeadais.[1] Déantar leas an Stáit sna cuideachtaí sin a thaifeadadh ar chostas stairiúil, agus amhail an 31 Nollaig 2024 b'ionann é agus €1.65 billiún. In 2024, áiríodh leis sin scaireanna dar luach €11 mhilliún a fuarthas i mBanc Forbartha na hAfraice agus €5.3 milliún i mBanc Forbartha Chomhairle na hEorpa.

**1.21** Is é formhór scairshealbha an Stáit i gcomhlachtaí idirnáisiúnta amhail an 31 Nollaig 2024 ná ranníocaíocht na hÉireann de €1.27 billiún leis an Sásra Cobhsaíochta Eorpach.

## *An Cuntas Airgid Ilearraí*

**1.22** Is cuntas coinneála sealadach é an Cuntas Airgid Ilearraí (SMA) ina dtaifeadtar idirbhearta agus iarmhéideanna a fhaightear de ghnáth isteach i Lárchiste an Státchiste, ach a choinnítear siar go dtí go bhfaighfear treoracha cuí agus leordhóthanacha chun diúscairt deiridh na gcistí a cheadú.[2] Ó thaobh riaracháin de, is é an cuspóir an t-am a choinnítear na cistí sa chuntas a íoslaghdú, chun a chinntiú go bhfaighfear sa Lárchiste iad in am tráthúil, i gcás inarb é sin an diúscairt chuí.

**1.23** B'ionann fáltais isteach in SMA in 2024 agus €619 milliún, agus b'ionann aistrithe amach chuig an Lárchiste agus €596 billiún. In 2024, aistríodh cistí a bhí díreach faoi bhun €10.8 milliún san iomlán ó SMA chuig cinn scríbe eile: an tAontas Eorpach (€6.9 milliún), an Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt (€2.9 milliún) agus an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (€1 mhilliún).

**1.24** B'ionann an t-iarmhéid a bhí in SMA ag deireadh 2024 agus níos mó ná €40 milliún, agus fuarthas an chuid is mó de (95%) sna 30 lá roimhe sin.

1 Féach ráiteas 1.8(B) de na Cuntais Airgeadais 2024.

2 Is í an Roinn Airgeadais a bhainistíonn SMA agus tá cuntas air in aguisín leis na Cuntais Airgeadais.

## Dliteanais an Státchiste


### *Fiachas náisiúnta*

**1.25** Tháinig méadú 0.8% (€1.9 billiún) ar fhiachas náisiúnta na hÉireann in 2024 go €232.6 billiún ag deireadh na bliana (féach Fíor 1.8).[1,2]


**1.26** Bhí os cionn 80% (€187.9 billiún) den fhiachas náisiúnta ag deireadh 2024 i bhfoirm iasachtaíocht mheántéarmach agus fhadtéarmach. Cuimsíodh leis sin bannaí rialtais den chuid is mó (bannaí ar ráta seasta, bannaí amúchta agus bannaí atá nasctha le boilsciú), iasachtaí chláir AE (an Sásra Cobhsaíochta Airgeadais Eorpach agus an tSaoráid Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais) agus an ionstraim Eorpach le haghaidh tacaíocht shealadach chun rioscaí dífhostaíochta a mhaolú i gcás éigeandála (SURE).

**1.27** B'ionann fiach a d'eascair as na scéimeanna éagsúla coigiltis Stáit agus €19.5 billiún, nó 9% den fhiachas náisiúnta ag deireadh 2024.

**Fíor 1.8 Fiachas náisiúnta ag parluachanna infhuascailte, 2012 – 2024**




***Comhdhéanamh an fhiachais náisiúnta ag deireadh 2024***




Foinse: Ráitis Airgeadais d'Fhiachas Náisiúnta na hÉireann 2024, Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta. Eascraíonn aon difríochtaí dealraitheacha sna hiomláin as slánú.

1 Sainmhínítear 'fiachas náisiúnta' in alt 1 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990, mar fhiachas an Státchiste atá neamhíoctha de thuras na huaire.

2 Is tomhas comhlán é an fiachas náisiúnta roimh asbhaint airgid thirim agus sócmhainní airgeadais eile.

**1.28** B'ionann fiachas gearrthéarmach agus €25.2 billiún den fhiachas náisiúnta ag deireadh 2024. Cuimsíodh leis sin ‘páipéar gearrthéarmach’ dar luach €19.4 billiún; iasachtaí €3.8 billiún ó Chiste Bhanc Taisce an Phoist; agus €2 bhilliún de chistí barrachais a bhí i gcuntas soláthair an Phámháistir Ghinearálta.[1,2]

**1.29** Eisíodh €19.4 billiún i bpáipéar gearrthéarmach do chomhlachtaí rialtais. I ndáiríre, iasachtaíocht de chistí barrachais a bhí acu a bhí i gceist leis sin. Coinnítear an chuid is mó de sin i bhfoirm nótaí an Státchiste agus cuimsíodh leis €18.1 billiún a fuarthas ar iasacht ó chomhlachtaí agus cistí an rialtais láir; €0.8 billiún ó údaráis áitiúla; agus an t-iarmhéid ó chomhlachtaí eile san earnáil phoiblí.

### *Sprioc fiachais an rialtais ghinearálta*


**1.30** Is slat tomhais níos cuimsithí é fiachas an rialtais ghinearálta (GGD) d’fhiachas an Stáit ná fiachas náisiúnta, agus is é an tslat tomhais chaighdeánaithe é, a bhfuil oibleagáid ar gach tír san Aontas é a thuairisciú de réir an dlí, faoi Chonradh Maastricht.[3]

**1.31** €218.2 billiún a bhí in GGD ag deireadh 2024. Tá difríocht ann — thart ar €14.4 billiún — idir GGD agus an fiachas náisiúnta mar gheall go príomha ar ghlanluacháil (ar chomhdhlúthú) na n-urrús fiachais atá ag comhlachtaí rialtais eile agus mar gheall gur cuireadh iasachtaí na n-údarás áitiúil leis ó lasmuigh d’earnáil an rialtais.

**1.32** De réir rialacha fioscacha na hEorpa, níor cheart go mbeadh GGD na mballstát os cionn 60% dá n-olltáirgeacht intíre (OTI), nó, má tá sé os a chionn, ba cheart go dtiocfadh laghdú air de réir a chéile i dtreo na sprice 60%.[4] Mar gheall ar fhás láidir OTI roimhe seo, tháinig laghdú ar chóimheas OTI na hÉireann go 40.9% ag deireadh 2024 (féach Fíor 1.9).[5]

**1.33** Is táscaire é OIN* (bunaithe ar ollioncam náisiúnta) a dearadh go sonrach chun méid gheilleagar na hÉireann a thomhas trí thionchair an domhandaithe a chur as an áireamh. [6] Ag deireadh 2024, 68% ba ea an cóimheas fiachais le OIN* (75.7% in 2023).[7]

**Fíor 1.9 Cóimheasa fiachais le OTI agus fiachais le GNI* na hÉireann, 2012 – 2024 (céatadán)**




Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh; An Roinn Airgeadais

1 Tá aibíocht bhunaidh atá níos lú ná bliain amháin ag fiachas airgid ghearrthéarmaigh páipéir.

2 Taifeadann an cuntas barrachais airgid ó chaiteachas poiblí iasachtaíocht agus aisíoc na gcistí barrachais arna sealbhú i gcuntas soláthair an Phámháistir Ghinearálta.

3 Cuimsítear le fiachas an rialtais ghinearálta dliteanais fiachais an rialtais láir, an rialtais áitiúil agus cistí slándála sóisialta, gan fiachas atá dlite ag earnáil rialtais amháin d'earnáil rialtais eile a áireamh.

4 I mí Aibreáin 2024, ghlac Comhairle an Aontais Eorpaigh le hathchóirithe suntasacha ar rialacha fioscacha an Aontais. Faoi na rialacha nua sin tá an sprioc de 60% gan athrú.

5 Staitisticí airgeadais an Rialtais 2024.

6 Léirítear OIN* mar ‘OIN agus réalta leis’ de ghnáth.

7 Tuairiscíodh ar dtús ag 75.9% an cóimheas OIN* le fiachas don bhliain 2023. Rinneadh é sin a athbhreithniú ina dhiaidh sin go 75.7%, mar a d’fhoilsigh an Phríomh-Oifig Staidrimh i mí Iúil 2025.

## Comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí


**1.34** Is éard is comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí (CPP) ann ná socrú idir údarás poiblí agus comhpháirtí príobháideach atá deartha chun sócmhainní agus/nó seirbhísí bonneagair phoiblí a fháil agus a sholáthar faoi chonarthaí fadtéarmacha. Déanann an comhpháirtí príobháideach an tsócmhainn a mhaoiniú agus a thógáil, agus ina dhiaidh sin cuirtear ar fáil í lena húsáid ag an bpobal agus íocann an Stát agus/nó úsáideoirí aisti (trí mhuirir úsáideora) thar thréimhse fhada (25 bliain de ghnáth). Tagann an tsócmhainn faoi úinéireacht an Stáit ina dhiaidh sin.

**1.35** De ghnáth, breathnaítear ar CPPanna mar shásra maoinithe 'lasmuigh den chlár comhardaithe' ó thaobh an rialtais ghinearálta de, toisc nach gcuirtear dliteanais faoi chonarthaí CPP san áireamh go hiondúil agus GGD á ríomh. Comhlíontar dliteanais de réir mar a eascraíonn siad as eisiúintí vótáilte as an Lárchiste, nó as muirir úsáideoirí i gcás na dtionscadal lamháltais CPP.

**1.36** Rianaíonn an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin (an Roinn Caiteachais Phoiblí) na gealltanais a dhéanfar amach anseo faoi thionscadail CPP. Ag deireadh 2024, bhí 31 scéim CPP i bhfeidhm go hiomlán agus bhí 3 cinn ag an gcéim forbartha. Faoin dáta sin, bhí luach breis agus €6.25 billiún ag baint le gealltanais CPP amach anseo (2023: €5.92 billiún) (féach Fíor 1.10). Is mar gheall ar thionscadal Bheartán 1 an Ardoideachais a tháinig i bhfeidhm in 2024 a bhí an méadú sin go príomha.[1]

**1.37** Bhain luach thart ar €308 milliún le caiteachas ar íocaíochtaí aonadacha CPP in 2024 (2023: €338 milliún). De réir na socruithe atá i bhfeidhm faoi láthair, tá an Státchiste tiomanta d'íocaíochtaí timpeall €358 milliún in aghaidh na bliana ar an iomlán a dhéanamh go dtí 2035.[2] Ina dhiaidh sin, laghdófar na híocaíochtaí faoi na socruithe sin de réir mar a chuirfear na conarthaí níos sine i gcrích.

**Fíor 1.10 Comhdhéanamh chostas iomlán réamh-mheasta gach íocaíochta CPP atá le híoc**




Foinse: An Roinn Caiteachais Phoiblí. Eascraíonn aon difríochtaí dealraitheacha sna hiomláin as slánú.

1 Is comhpháirtíocht phríobháideach phoiblí é Beartán 1 an Ardoideachais le haghaidh áiseanna a thógáil ina gcuirtear fócas ar ETIM, TFC, innealtóireacht agus eolaíochtaí na beatha ag 6 ollscoil teicneolaíochta ar fud na hÉireann.

2 D'fhéadfadh sé go dtiocfaí méadú ar leibhéil bhliantúla chomhiomlána na n-aisíocaíochtaí le linn na tréimhse sin de réir mar a chuirfear conarthaí nua comhpháirtíochta príobháidí poiblí i bhfeidhm.

## An Ghníomhaireacht Forbartha Talún a mhaoiniú

**1.38** Bunaíodh an Ghníomhaireacht Forbartha Talún (an Ghníomhaireacht) le h ordú reachtúil in 2018. Príomhfheidhm na gníomhaireachta is ea talamh a chomhordú laistigh den rialú poiblí chun críche tithíochta, agus chun tithíocht a fhorbairt agus a bhainistiú ar thalamh poiblí agus ar thalamh eile, as a stuaim féin nó i gcomhar le daoine eile. Chuir Vóta 33 Tithíocht, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht maoiniú ar fáil go díreach don Ghníomhaireacht go dtí mí an Mhárta 2022.

**1.39** Faoin Acht fán nGníomhaireacht um Fhorbairt Talún, 2021 (an tAcht), athbhunaíodh an Ghníomhaireacht mar chuideachta gníomhaíochta ainmnithe.[1,2] De réir an Achta, is iad an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (an tAire Tithíochta) agus an tAire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin (an tAire Caiteachais Phoiblí) na scairshealbhóirí amháin sa Ghníomhaireacht.

**1.40** Chomh maith leis sin, de réir an Achta, treoraíonn an tAire Airgeadais leithdháileadh an mhaoinithe ó Chiste Infheistíochta Straitéisí na hÉireann (CISÉ) — a bhainistíonn GBCN — mar iasachtaí don Ghníomhaireacht, nó chun an dliteanas a chomhlíonadh maidir leis na scaireanna a shanntar agus eisítear do na hairí ar scairshealbhóirí thar ceann an rialtais iad.

**1.41** Bíodh sé trí bhíthin íocaíochta as scairchaipiteal eisithe nó trí bhíthin iasachta, is le reachtaíocht a chuirtear uasteorainn €3.75 billiún i dteannta a chéile, le maoiniú iomlán CISÉ atá ar fáil maidir le hinfheistíocht sa Ghníomhaireacht.[3]

**1.42** Ba é €1.75 billiún i scairchaipiteal eisithe an maoiniú iomlán a eisíodh ó CISÉ don Ghníomhaireacht suas go dtí deireadh mhí Iúil 2025 (féach Fíor 1.11). Go dtí seo, ní bhfuair an Ghníomhaireacht aon mhaoiniú CISÉ trí bhíthin iasachta ó GBCN.

**1.43** Níl infheistíocht an Stáit i scaireanna na Gníomhaireachta ar fáil sna Cuntais Airgeadais[4,5] Ina ionad sin, nochtar i nóta a ghabhann leis an gcuntas leithreasa do Vóta 11 Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe scairsheilbh an Aire Caiteachais Phoiblí sa Ghníomhaireacht.

**Fíor 1.11 Maoiniú CISÉ a eisíodh don Ghníomhaireacht**

| Dáta eisiúna | € milliún[a] |
|---|---|
| Márta 2022 | 100 |
| Feabhra 2023 | 250 |
| Bealtaine 2023 | 275 |
| Samhain 2023 | 300 |
| Meitheamh 2024 | 325 |
| Eanáir 2025 | 100 |
| Iúil 2025 | 400 |
| **Iomlán** | **1,750** |

Foinse: An Ghníomhaireacht Forbartha Talún agus Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Nóta: a Seachas na scaireanna dar luach €1 mhilliún a leithdháileadh ar an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, eisíodh na scaireanna don Aire Caiteachais Phoiblí.

1 Le hAcht 2021, lánscoireadh an Ghníomhaireacht a bunaíodh faoi ordú 2018, agus aistríodh foireann, sócmhainní agus dliteanais na Gníomhaireachta chuig an nGníomhaireacht Forbartha Talún reachtúil an 31 Márta 2022.

2 De réir an Achta caithfidh an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste iniúchadh a dhéanamh ar an nGníomhaireacht (ag tosú don bhliain airgeadais 2022).

3 Alt 30(b) den Acht fán nGníomhaireacht um Fhorbairt Talún, 2021, Alt 69 den Acht Rialtais Áitiúil (Méara Luimnigh) agus Forálacha Ilghnéitheacha, 2024 agus Alt 17 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha), 2024.

4 Féach ráiteas 1.8(A) de na Cuntais Airgeadais 2024.

5 Dúirt an Roinn Airgeadais nach ráiteas cuimsitheach airgeadais don Stát, dá acmhainní agus shócmhainní iad na Cuntais Airgeadais, agus go bhfuil leas ag an Stát in níos mó eintiteas ná mar atá leagtha amach sna Cuntais Airgeadais.

## Ag tuairisciú idirbhearta AE na hÉireann

**1.44** I mí Eanáir 2020, gheall an Roinn tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú, ar bhonn comhdhlúite, maidir leis na hidirbhearta airgeadais idir Éirinn agus an tAontas. Cuspóir na tuarascála seo is ea léargas cuimsitheach a chur ar fáil ar idirbhearta dá leithéid in aon doiciméad amháin, toisc nach furasta teacht ar an eolas seo in áiteanna eile.


**1.45** D'fhoilsigh an Roinn a tuarascáil maidir le hidirbhearta 2023 na hÉireann leis an Aontas Eorpach i mí Mheán Fómhair 2025.[1]

### *Ranníocaíocht na hÉireann don Aontas*

**1.46** In 2024, chuir Éire €3.4 billiún le buiséad an Aontais Eorpaigh (féach Fíor 1.12).[2] Bhí na gnéithe seo a leanas i gceist leis an ranníocaíocht.

- Ranníocaíocht €2.3 billiún 'd'acmhainní dílse' OIN — bunaithe ar leibhéal ioncaim de réir ollioncam náisiúnta (OIN) ballstáit.[3]
- Ranníocaíocht €430 milliún 'd'acmhainní dílse traidisiúnta' (ADT) — bunaithe ar dhleachtanna custaim a bhailíonn na Coimisinéirí Ioncaim ar earraí iompórtáilte ó lasmuigh den Aontas, dá bhfuil 75% iníoctha leis an Aontas.
- Ranníocaíocht €399 milliún bunaithe ar CBL — 0.3 faoin gcéad i bhfeidhm ar bhonn CBL na hÉireann.
- Ranníocaíocht bunaithe ar mheáchan i bpacáistíocht phlaisteach neamh-athchúrsáilte dar luach €261 milliún.
- Cúnamh macrairgeadais dar luach €10.2 milliún — ranníocaíocht nua don bhliain 2024.

**Fíor 1.12 Ranníocaíocht na hÉireann le buiséad an Aontais, 2018 – 2024**




Foinse: Cuntais Airgeadais 2018 go 2024

1 Tá Tuarascáil Bhliantúil 2023 ar Idirbhearta na hÉireann leis an Aontas Eorpach ar fáil anseo.

2 Ní chuirtear san áireamh íocaíochtaí a rinne Éire a tháinig chun cinn ó mhaoiniú aisghafa an Aontais agus fíneálacha a ghearr an Aontais.

3 Meastar gur gné chothromaithe é ranníocaíocht acmhainní dílse an OIN, chun a chinntiú go gclúdaítear gach caiteachas comhaontaithe i mbuiséad bliantúil an Aontais le teacht isteach iomlán an bhuiséid. Ag brath ar iomlán na n-ioncam bliantúil atá ag teastáil chun caiteachas a mhaoiniú, cuirtear glaoráta aonfhoirmeach i bhfeidhm ar OIN gach ballstáit. Athraíonn an glaoráta ó bhliain go bliain.

### *Ranníocaíocht cúnaimh macrairgeadais*

**1.47** In 2023, sholáthair an tAontas €18 mbilliún in iasachtaí cúnaimh macrairgeadais (MFA) don Úcráin.[1] Is cineál cabhrach airgeadais é MFA ón Aontas Eorpach chun cuidiú le tír chomhpháirtíochta eile a geilleagar a chobhsú. Tá an cúnamh sin i bhfoirm iasachtaí meántéarmacha/fadtéarmacha nó deontais mheántéarmacha/fhadtéarmach nó meascán den dá cheann.

**1.48** Tá fóirdheontais ráta úis i gceist le tacaíocht MFA a thugtar don Úcráin. Cumhdaítear iad a mhéid is féidir ó bhuiséad an Aontais, agus i gcás nach bhfuil na cistí atá ar fáil leordhóthanach, cumhdaíonn na ballstáit iad go díreach.

**1.49** In 2024, achtaíodh reachtaíocht chun bunús dlí a chur ar fáil le haghaidh comhaontú ranníocaíochta idir Éirinn agus an tAontas in éineacht leis na híocaíochtaí fóirdheontais úis — an tAcht Airgeadais (Ráthaíochtaí Stáit, Cistí Airgeadais Institiúidí Idirnáisiúnta agus Forálacha Ilghnéitheacha) 2024. Leis an reachtaíocht, cuireadh uasteorainn le ranníocaíocht na hÉireann i gcaitheamh shaolré an chreata ilbhliantúil atá ann faoi láthair (2021 go 2027) ag díreach os cionn €63.6 milliún.

**1.50** In 2024, d’íoc Éire €10.2 milliún san iomlán as a scair san fhóirdheontas ráta úis ar thacaíocht MFA don Úcráin ón Lárchiste.

### *Leasuithe ranníocaíochta*

**1.51** In 2018, d’aithin an Coimisiún Eorpach patrún calaoise ar fud an Aontais a bhain le hiompórtáil teicstílí agus choisbhirt ón tSín ar luachanna a bhí ganniontráilte go mór, rud a raibh caillteanas córasach ar ADT an Aontais thar roinnt blianta mar thoradh air. Ríomh an Coimisiún sciar na hÉireann de chaillteanais iomlána AE thaibhithe ag €30.4 milliún (0.69%). In 2021, d’íoc Éire €30.4 milliún ón Lárchiste, ar chúlchistí, chun carnadh an úis íocaíochta déanaí a sheachaint ar na caillteanais.

**1.52** I mí Iúil 2024, fuair Éire fógra ón gCoimisiún Eorpach gur tháinig deireadh le gach imscrúdú agus nach raibh aon chaillteanas ADT ann i gcás na hÉireann. Cuireadh €30.4 milliún ar ais sa Lárchiste — €9.8 milliún i mí Iúil 2023 agus €20.6 milliún i mí Lúnasa 2024.

**1.53** Íocann ballstáit rannpháirteacha den Aontas Eorpach as caiteachas Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE).[2] Toisc nach nglacann Éire (chomh maith leis an Danmhairg agus an Ungáir) páirt in OIPE, déantar oiriúnú ar na ranníocaíochtaí bliantúla di. Aisíocadh díreach faoi bhun €29 milliún le hÉirinn trí ranníocaíochtaí na hÉireann a laghdú i mí na Nollag 2024.


1 I gcomhréir le Rialachán (AE) 2022/2463 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

2 I gcomhréir le hAlt 332 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus bunaithe ar Alt 91(7) den Rialachán ón gComhairle (AE) 2017/1939.

### *Fáltais na hÉireann ó bhuiséad an Aontais*

**1.54** In 2023, fuair Éire €1.68 billiún ón Aontas Eorpach (féach Fíor 1.13).

**Fíor 1.13 Foinsí fháltais na hÉireann ó bhuiséad an Aontais, 2018 – 2024**




Foinse: An Roinn Airgeadais

Nóta: a Ní raibh figiúirí d'fháltais 2024 ar fáil tráth an fhoilsithe.

### *Saoráid Téarnaimh agus Athléimneachta*

**1.55** Cuireann Saoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (STA) an Aontais tacaíocht airgeadais ar fáil do na ballstáit chun dlús a chur le téarnamh geilleagrach ó thionchar phaindéim Covid-19 agus chun geilleagair na mballstát a dhéanamh níos láidre.[1] Tá an Roinn Caiteachais Phoiblí freagrach as STA a chur i bhfeidhm in Éirinn.

**1.56** Ar mhaithe le rochtain a fháil ar mhaoiniú STA, bhí ar na ballstáit Plean Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta a chur le chéile, ina leagtar amach clár na n-infheistíochtaí agus na n-athchóirithe atá le déanamh faoi mhí Lúnasa 2026.

**1.57** Faomhadh NRRP na hÉireann i mí Mheán Fómhair 2021. Tugadh achoimre ann ar bhearta dar luach díreach faoi bhun €1 bhilliún. Tugadh maoiniú deontais STA dar luach €914 milliún d'Éirinn, agus tarraingt anuas an mhaoinithe ag brath ar Éirinn maidir le garspriocanna agus cuspóirí ar leith a bhaint amach.[2]

**1.58** Thug an tAontas €240 milliún breise de mhaoiniú deontais d'Éirinn le haghaidh tionscadail RePowerEU mar chuid den phlean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta.[3,4] Leis sin, rinneadh méadú go €1.15 billiún ar an leithdháileadh ar an bplean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta.

**1.59** Íoctar deontas STA i 5 thráthchuid. I mí Mheán Fómhair 2023, chuir an Roinn Caiteachais Phoiblí a céad iarratas ar íocaíocht STA ar €324 milliún (28% den leithdháileadh arna fháil) faoi bhráid an Aontais. Fuair Éire an íocaíocht i mí Iúil 2024.

1 Bunaíodh an RRF le Rialachán (AE) 2021/241, a tháinig i bhfeidhm ar an 19 Feabhra 2021.

2 Tá Plean Téarnaimh agus Athléimneachta na hÉireann 2021 ar fáil anseo.

3 Tá an Coimisiún Eorpach ag cur a phlean REPowerEU i bhfeidhm (a seoladh i mí Bealtaine 2022) chun deireadh a chur de réir a chéile le hiompórtáil breoslaí iontaise ón Rúis.

4 Áirítear le maoiniú REPowerEU €150 milliún a aistríodh ó mhaoiniú Cúlchiste Coigeartaithe Brexit (BAR) an Aontais nár úsáid Éire.

**1.60** I mí na Nollag 2024, cuireadh iarratas eile ar íocaíocht STA ar €116 milliún (10% den leithdháileadh arna fháil) isteach agus fuarthas íocaíocht i mí an Mheithimh 2025. I mí Lúnasa 2025, cuireadh an tríú iarratas ar íocaíocht STA ar €240 milliún (21% den leithdháileadh arna fháil) isteach.

## Aguisín 1A staitisticí airgeadais rialtais na Príomh-Oifige Staidrimh

Éilíonn Eurostat, údarás staidrimh an Aontais Eorpaigh, ar gach ballstát raon staitisticí airgeadais a sholáthar a chomhlíonann na sainmhínithe comhchuibhithe agus na caighdeáin chomhchuibhithe laistigh de Chóras Eorpach na gCuntas 2010.

Tá an Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO) freagrach as tuairisciú oifigiúil a dhéanamh ar staidreamh airgeadais rialtais ghinearálta na hÉireann.

Cuimsíonn na haschuir airgeadais rialtais ghinearálta agus an staidreamh rialtais ghinearálta ón bPríomh-Oifig Staidrimh na príomhráitis seo a leanas

- Tábla 1.1 — airgeadas an rialtais ghinearálta
- Tábla 1.2 — idirbhearta an rialtais ghinearálta: ioncam, caiteachas, maoiniú agus easnamh
- Tábla 2.1 — rialtas ginearálta: aicmiú mionsonraithe an ioncaim agus an aschuir
- Tábla 2.2 — rialtas ginearálta: aicmiú mionsonraithe an chaiteachais agus an chaithimh
- Tábla 3.1 — ollfhiachas agus fiachas glan an rialtais ghinearálta
- Tábla 3.2 — idirbhearta airgeadais an rialtais ghinearálta
- Tábla 3.3 — miondealú mionsonraithe ar ghlanfhiúchas an rialtais ghinearálta
- Tábla 3.4 — glanfhiúchas an rialtais ghinearálta, ollfhiachas agus fiachas glan.

Cuimsítear in earnáil an rialtais ghinearálta an rialtas láir agus an rialtas áitiúil, comhlachtaí neamhthráchtála faoi úinéireacht an Stáit agus cistí buiséadacha breise, na comhlachtaí ceadaithe tithíochta is mó agus ospidéil dheonacha.

Tá liosta iomlán na n-eintiteas foilsithe ar shuíomh gréasáin na Príomh-Oifige Staidrimh.

## Aguisín 1B Táblaí sonraí

**Fíor 1B.1 Comhdhéanamh na bhfáltas agus na n-eisiúintí Lárchiste, 2019 – 2024[a]**

| | 2019 | 2020 | 2021 | 2022 | 2023 | 2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €m | €m | €m | €m | €m | €m |
| **Fáltais** | | | | | | |
| ***Fáltais reatha*** | | | | | | |
| Ioncam cánach | 59,314 | 57,165 | 68,410 | 83,130 | 88,117 | 108,025 |
| Ioncam barrachais an Bhainc Ceannais[b] | 2,395 | 2,050 | 666 | 1,068 | 500 | — |
| Fáltais an Chrannchuir Náisiúnta | 251 | 270 | 290 | 258 | 241 | 238 |
| Díbhinní ó chomhlachtaí Stáit | 262 | 133 | 152 | 199 | 419 | 290 |
| Ioncam barrachais GNBS | — | 2,000 | 1,000 | 500 | 350 | 400 |
| Ioncam reatha eile | 440 | 197 | 422 | 413 | 701 | 637 |
| ***Fáltais chaipitiúla*** | | | | | | |
| Iasachtaí réamhíoctha/aisíoctha[c] | 1,055 | 1,680 | 10,382 | 3,474 | 880 | 1,187 |
| Bearta cobhsaíochta na hearnála airgeadais | 682 | 3 | — | — | — | — |
| Aistriú ó chúlchistí[d] | — | 1,500 | — | — | — | — |
| Fáltais ón Aontas | 24 | 25 | 645 | 277 | 183 | 354 |
| Fáltais chaipitiúla eile | 6 | 5 | 274 | 1,455 | 805 | 70 |
| **Iomlán na bhfáltas** | **64,429** | **65,028** | **82,240** | **90,774** | **92,197** | **111,201** |
| | | | | | | |
| **Eisiúintí** | | | | | | |
| Eisiúintí don chaiteachas vótáilte | 54,146 | 67,849 | 71,579 | 72,840 | 78,385 | 85,659 |
| Seirbhísiú an fhiachais náisiúnta | 5,220 | 4,676 | 3,745 | 3,841 | 3,309 | 3,138 |
| Ranníocaíocht le buiséad AE | 2,432 | 2,569 | 3,507 | 3,557 | 3,684 | 3,369 |
| Coimisiún Thithe an Oireachtais | 126 | 132 | 133 | 137 | 152 | 165 |
| Iasachtaí/airleacain[c] | 935 | 1,523 | 10,264 | 3,050 | 1,018 | 1,500 |
| Uisce Éireann (scaireanna, ranníocaíochtaí caipitil agus iasachtaí)[c] | 758 | 372 | 130 | 112 | 201 | 184 |
| Aistriú chuig cúlchistí[d] | — | — | — | 2,000 | 4,000 | 4,050 |
| Íocaíochtaí eile | 165 | 224 | 255 | 251 | 269 | 381 |
| **Iomlán na n-eisiúintí** | **63,782** | **77,345** | **89,612** | **85,788** | **91,019** | **98,446** |
| | | | | | | |
| **Barrachas/(easnamh) don bhliain** | **647** | **(12,317)** | **(7,372)** | **4,985** | **1,178** | **12,755** |

Foinse: Cuntais Airgeadais 2019 go 2024. Eascraíonn aon difríochtaí dealraitheacha sna hiomláin as slánú.

Nótaí:

a Tá idirbhearta chuntas an Lárchiste agus an Chuntais Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla comhdhlúthaithe. Coinníonn GBCN an cuntas deireanach sin chun fiachas náisiúnta agus idirbhearta de ghnáthchineál baincéireachta a sheirbhísiú.

b Is éard atá sa mhéid a fhaightear isteach sa Lárchiste gach bliain go príomha ná an t-ioncam barrachais don bhliain airgeadais roimhe sin, de réir ráitis airgeadais iniúchta Bhanc Ceannais na hÉireann. Ós rud é gur thuairiscigh an banc brabús/caillteanas nialasach don bhliain 2023, aistríodh méid nialasach don Státchiste in 2024.

c Féach Fíor 1B.3 le haghaidh tuilleadh sonraí.

d An 8 Samhain 2024, cuireadh an Ciste um Éire sa Todhchaí agus an Ciste um Bonneagar, Aeráid agus an Dúlra in ionad Chúlchiste an Bharrachais Náisiúnta (Teagmhais Eisceachtúla). Féach *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2024*, caibidil 25, Cuntais GBCN 2024.

**Fíor 1B.2 Gluaiseachtaí sna hiarmhéideanna airgid agus sócmhainní airgeadais an Státchiste, 2019 – 2024**

| Gluaiseacht sa bhliain | 2019<br>€m | 2020<br>€m | 2021<br>€m | 2022<br>€m | 2023<br>€m | 2024<br>€m |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Iarmhéid ar an 1 Eanáir** | **17,593** | **18,536** | **19,200** | **29,149** | **26,351** | **28,911** |
| Glaniasachtaíocht/(aisío caíochtaí) an Státchiste sa bhliain | 297 | 12,981 | 17,321 | (7,783) | 1,382 | (2,100) |
| Barrachas/(easnamh) Státchiste | 647 | (12,317) | (7,372) | 4,985 | 1,178 | 12,756 |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | **18,536** | **19,200** | **29,149** | **26,351** | **28,911** | **39,567** |
| **Comhdhéanamh airgid agus sócmhainní airgeadais ar an 31 Nollaig** | | | | | | |
| Iarmhéid airgid thirim an Lárchiste | 16,502 | 17,362 | 27,474 | 23,306 | 19,003 | 19,318[a] |
| Éarlaisí airgid thirim | — | — | — | — | 1,000[b] | — |
| Billí Státchiste | — | — | — | 25 | 4,768 | 14,949 |
| Nótaí ráthaithe ag an nGníomhaireacht Airgeadais do Thithe | 1,913 | 1,586 | 1,665 | 3,010 | 4,130 | 5,300 |
| Nótaí ráthaithe meántéarmacha SBCI[c] | 25 | — | 10 | 10 | 10 | — |
| Maoiniú comhthaobhach | 96 | 252 | — | — | — | — |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | **18,536** | **19,200** | **29,149** | **26,351** | **28,911** | **39,567** |

Foinse: Cuntais Airgeadais 2019 go 2024. Eascraíonn aon difríochtaí dealraitheacha sna hiomláin as slánú.

Nótaí:
a Iarmhéid €155,000 atá sa Chuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitiúla (2023: €150,000).
b Airleacain ghearrthéarmacha airgid thirim an Státchiste d'oifigí fiachais na hEorpa. Chun tacú leis an mbainistíocht leachtachta, tógann agus tugann oifigí fiachais na hEorpa airgid tirim ar iasacht óna chéile/dá chéile ar bhonn gearrthéarmach déthaobhach.
c Bunaíodh Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann (SBCI) faoin Acht um Chorparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann, 2014. Is é an aidhm atá léi ná rochtain ar mhaoiniú solúbtha a chinntiú d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide na hÉireann trí sholáthar maoinithe ar chostas níos ísle agus táirgí solúbtha a éascú. Is leis an Aire Airgeadais scairchaipiteal eisithe CBSÉ.

**Fíor 1B.3 Iasachtaí agus airleacain, 2019 – 2024**

| | 2019 €m | 2020 €m | 2021 €m | 2022 €m | 2023 €m | 2024 €m |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **An Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta** | | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh | 725 | 750 | 670 | 655 | 670 | 670 |
| Aisíocaíochtaí | (725) | (750) | (670) | (655) | (670) | (670) |
| Airleacain | 750 | 670 | 655 | 670 | 670 | 660 |
| **Iarmhéid deiridh** | **750** | **670** | **655** | **670** | **670** | **660** |
| **An Ciste Árachais Shóisialaigh** | | | | | | |
| Iarmhéideanna tosaigh | — | — | — | — | — | — |
| Aisíocaíochtaí | — | 600 | (9,370) | (2,380) | — | — |
| Airleacain | — | 600 | 9,370 | 2,380 | — | — |
| **Iarmhéid deiridh** | **—** | **—** | **—** | **—** | **—** | **—** |
| **Tacaíocht cobhsaíochta AE don Ghréig** | | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh | 347 | 347 | 344 | 323 | 310 | 249 |
| Aisíocaíochtaí | — | 3 | (22) | (13) | (61) | (52) |
| **Iarmhéid deiridh** | **347** | **344** | **323** | **310** | **249** | **197** |
| **An Ciste um Chúiteamh Árachais** | | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh | 636 | 556 | 414 | 345 | 160 | 40 |
| Coigeartú[a] | — | — | — | — | — | 244 |
| Aisíocaíochtaí | (80) | (142) | 69 | (185) | (120) | (118) |
| **Iarmhéid deiridh** | **556** | **414** | **345** | **160** | **40** | **166** |
| **Uisce Éireann** | | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh | — | — | 372 | 502 | 613 | 814 |
| Iasachtaí | — | 372 | 130 | 112 | 201 | 184 |
| **Iarmhéid deiridh** | **—** | **372** | **502** | **614** | **814** | **998** |
| **Iasachtaí agus airleacain eile** | | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh | 293 | 228 | 296 | 284 | 43 | 360 |
| Comhshó iasachtaí/aisíocaíochtaí | (250) | (185) | (253) | (241) | (30)[b] | (348) |
| Iasachtaí eisithe | 185 | 253 | 241 | — | 348[c] | 840[d] |
| **Iarmhéid deiridh** | **228** | **296** | **284** | **43** | **360** | **852** |
| **Iarmhéid deiridh iomlán** | **1,881** | **2,096** | **2,109** | **1,797** | **2,134** | **2,873** |

Foinse: Cuntais Airgeadais 2019 go 2024. Eascraíonn aon difríochtaí dealraitheacha sna hiomláin as slánú.

Nótaí:
a Ús fabhraithe infhála a chaipitlítear, níor áiríodh an t-ús sin san iarmhéid a tuairiscíodh roimh 2024. Tá an t-ús caipitlithe carntha (€244 milliún) suas go dtí an 31 Nollaig 2024 curtha san áireamh anois san iarmhéid deiridh.
b Airleacain do An Post a aisíocadh.
c Airleacain do Chuntas Soláthair PMG faoin Acht Leithreasa 2022.
d Airleacain do Chuntas Soláthair PMG faoin Acht Leithreasa 2024.